**Tríú Scéim na Seirbhíse Cúirteanna faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**

## 1. Réamhrá & Cúlra

### 1.1. Cúlra

D'ullmhaigh an tSeirbhís Chúirteanna an scéim seo faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ("an tAcht").

Déantar foráil san Acht seo go n-ullmhóidh comhlachtaí stáit scéim reachtúil ag tabhairt mionsonraí ar na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil trí Ghaeilge, trí Bhéarla, agus trí Ghaeilge agus Béarla agus ar na bearta a chuirfear i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirfear ar fáil trí Ghaeilge aon seirbhís nach bhfuil fós ar fáil laistigh de thréimhse comhaontaithe ama.

### 1.2. Ullmhú scéime

**Treoirlínte**

Tugadh aird chuí do na treoirlínte a d'eisigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta in ullmhúchán na Scéime seo.

**Fógraíocht maidir le hullmhú na Dréachtscéime**

D'fhoilsigh an tSeirbhís Chúirteanna fógraí faoi Alt 13 den Acht ag iarraidh ar dhaoine ar suim leo aighneachtaí a dhéanamh i dtaca le hullmhú na scéime faoi Alt 15. Fuarthas cúig aighneacht ó dhaoine aonair agus ó eagraíochtaí. Tá siad sin go léir ar fáil ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna ag www.courts.ie

**Réamhrá na Scéime**

Is í is aidhm leis an Scéim beartas agus cleachtas reatha na Seirbhíse Cúirteanna a chomhdhlúthú agus a fheabhsú maidir lena cuid seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge.

Bunaíodh Grúpa Oibre chun cuidiú le dréachtú na Scéime seo. Chuaigh an grúpa oibre seo i gcomhairle le gach réimse feidhme de chuid na Seirbhíse Cúirteanna. Bhí na haighneachtaí a fuaireamar ina mbonn eolais d'ábhar na scéime mar aon leis na tuairimí agus na moltaí a thug foireann na Seirbhíse Cúirteanna agus an t-ionchur ó bhaill den Ghrúpa Oibre. Táimid buíoch as an ionchur sin i bhforbairt na Scéime seo.

Leanfar ar aghaidh le bainistíocht shinsearach na Seirbhíse Cúirteanna a bheith freagrach as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim. Aithnítear in ábhar na Scéime réimsí seirbhíse le leasú amach anseo chun an tseirbhís ghinearálta a sholáthraíonn an tSeirbhís Chúirteanna a fheabhsú.

Áirítear tiomantas sa scéim, freisin, measúnú leanúnach a dhéanamh ar an éileamh atá ann ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil agus, thairis sin, go gcinnteofar go leanfaidh an tSeirbhís Chúirteanna ag freastal ar an éileamh sin i slí réamhbheartaithe, soiléir agus inrochtana.

Leanfaidh an tSeirbhís Chúirteanna leis an leibhéal éilimh atá ar a cuid seirbhísí i nGaeilge a thomhas trí iniúchadh a dhéanamh ar leibhéal na bhfiosruithe / na n-iarratas ar sheirbhísí trí Ghaeilge. Cinnfidh an tSeirbhís Chúirteanna an t-ord ina dtabharfar tús áite do sheirbhísí faoi leith lena gcur ar fáil i nGaeilge le comhaontú ón Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta.

Tá na tiomantais uile chun feabhas a chur ar sheirbhísí a sholáthraíonn an tSeirbhís Chúirteanna bunaithe ar staid reatha cúrsaí san eagraíocht mar atá faoi láthair. Ní mór a admháil go bhféadfadh sé go mbeadh iarmhairt dhiúltach ag athruithe maoinithe agus soláthar foirne a d'fhéadfadh tarlú amach anseo, agus nach bhfuil smacht ar bith ag an tSeirbhís Chúirteanna orthu, ar sheachadadh na dtiomantas sin.

**Dáta tosaigh na Scéime**

Tá an Scéim seo daingnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Tosóidh an scéim seo le héifeacht ó 24 Iúil 2017 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta seo nó go dtí go mbeidh Scéim nua daingnithe, pé acu is déanaí.

**An Próiseas Comhairliúcháin**

Chomh maith leis an bhfógra faoi Alt 13 den Acht a fhoilsiú sna nuachtáin agus ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna, cuireadh Grúpaí Úsáideoirí ar an eolas go rabhamar ag lorg aighneachtaí. Rinneadh measúnú ar chumas fhoireann na Seirbhíse Cúirteanna seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge laistigh agus lasmuigh de cheantair Ghaeltachta araon. Ar an mbealach seo rinne an tSeirbhís Chúirteanna measúnú sealadach ar an éileamh féideartha ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus ar na hacmhainní atá aici mar eagraíocht chun freastal ar a leithéid d'éileamh.

**2. Achoimre ar na seirbhísí a sholáthraíonn an tSeirbhís Chúirteanna**

Bunaíodh an tSeirbhís Chúirteanna leis an Acht um Sheirbhís Chúirteanna 1998 ina leagtar amach feidhmeanna na Seirbhíse mar a leanas:

- na cúirteanna a bhainistiú;
- seirbhísí tacaíochta a sholáthar do na breithiúna;
- eolas faoin gcóras cúirteanna a sholáthar don phobal;
- foirgnimh chúirte a sholáthar, a bhainistiú agus chothabháil a dhéanamh orthu;
- saoráidí a chur ar fáil d'úsáideoirí na gcúirteanna;

Is é Ráiteas Misin na Seirbhíse Cúirteanna "Na cúirteanna a bhainistiú, tacaíocht a thabhairt do na breithiúna agus seirbhís ardchaighdeáin agus gairmiúil a chur ar fáil d'úsáideoirí uile na gcúirteanna."

Déanann bord ar a bhfuil cathaoirleach agus seacht mball déag eile lena n-áirítear an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an tSeirbhís a rialú. Cuimsítear an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus cúig cheannasaí de Stiúrthóireachtaí ar an bhFoireann Bainistíochta Sinsearaí. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an t-oifigeach cuntasaíochta agus tá an fhreagracht aige as an bhfoireann a bhainistiú agus a stiúradh

mar aon le gnáthghnó na Seirbhíse. Faoi láthair, tá ceanncheathrú na Seirbhíse lonnaithe i dTeach an Fhionnuisce, 15/24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7.

Eagraíocht dhíláraithe den chuid is mó is ea an tSeirbhís Chúirteanna a bhfuil freagracht riaracháin aici as thart ar 83 teach cúirte agus ionad cúirte ar fud na tíre.

Tá roinnt mhaith ionad i mBaile Átha Cliath, lena n-áirítear campas na gCeithre Cúirteanna, Foirgneamh na Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla agus Teach Dolphin, Sráid Essex Thoir, ina ndéileáiltear le gnó sibhialta, teaghlaigh agus coiriúil de dhlínse na Cúirte Uachtaraí, na hArd-Chúirte, na Cúirte Achomhairc, Chúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath agus Chúirt Dúiche Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Tá ceithre oifig réigiúnacha lonnaithe i gCorcaigh, i gCaisleán an Bharraigh, sa Nás, agus i nDún Dealgan. Tá 25 oifig chúirte chomhcheangailte agus 8 n-oifig neamhspleácha lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Is iad seo a leanas príomhpháirtithe leasmhara agus príomhchustaiméirí na Seirbhíse:

1. Na Breithiúna. Ní páirtithe leasmhara iad breithiúna sa ghnáthchiall. Is ionann na Breithiúna agus orgán breithiúnach an rialtais de bhun fhorálacha an Bhunreachta agus is príomhról de chuid na Seirbhíse Cúirteanna é tacaíocht riaracháin a chur ar fáil do na breithiúna a gcumhachtaí agus a bhfeidhmeanna a chur i gcrích.
2. An Rialtas, an Roinn Cirt agus Dlí agus Comhionannais, agus Ranna Rialtais eile.
3. Úsáideoirí Cúirte: an lucht dlí agus a gcomhlachtaí ionadaíocha faoi seach, cliaint an lucht dlí, gach páirtí a thagann os comhair na gCúirteanna agus daoine ar a ngairtear i gcomhair seirbhís ghiúiré.
4. Gníomhaireachtaí agus grúpaí laistigh den Earnáil Ceartais amhail an Garda Síochána, an tSeirbhís Príosún, an tSeirbhís Promhaidh agus Leasa, an Coiste um Chleachtas agus Nós Imeachta Cúirte agus an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí.
5. Gníomhaireachtaí agus comhlachtaí amhail an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, an Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta, baill den Oireachtas, Údaráis Áitiúla, na Coimisinéirí Ioncaim, agus Coimisiún an Aontais Eorpaigh.
6. Grúpaí d'úsáideoirí sheirbhísí de chuid na Seirbhíse Cúirteanna, agus baill an phobail.

**3. Seirbhís reatha i nGaeilge**

3.1. Chuir an tSeirbhís Chúirteanna feabhas ar na seirbhísí a chuirimid ar fáil i nGaeilge i gcomhthéacs an chéad dá scéim. D’fhorbraíomar an tseirbhís Ghaeilge maidir le faisnéis, aistriúchán, turais phoiblí, córais TF, córas ríomhphoist, fáiltiú ar an teileafón, inniúlacht labhartha agus inár gclár oiliúna.

3.2. Tá Suíomh Gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna ar fáil i nGaeilge.

3.3. Tá clár CSPE na Seirbhíse Cúirteanna do scoileanna "Let's Look at the Law" ("Breathnaímis ar an Dlí") ar fáil i nGaeilge.

3.4. Thacaíomar le feabhsuithe i gcaighdeáin aistriúcháin, trí chaighdeán úr seirbhís aistriúcháin bhainistithe a fhorbairt agus aistritheoirí seachfhoinsithe a fháil chun creidiúnú a chur i gcrích leis an scéim um chreidiúnú arna reáchtáil ag Foras na Gaeilge.

3.5. Sa chás go bhfuil sé orduithe ag an gCúirt, tá costais aistriúcháin agus ateangaireachta íoctha ag an tSeirbhís Chúirteanna chun úsáideoirí Gaeilge na gcúirteanna a chur ar a gcumas cásanna a stiúradh i nGaeilge, i gcásanna iomchuí.

3.6. Is féidir le húsáideoirí cúirte déileáil le cásanna i nGaeilge.

3.7. Tá Rialacha Cúirte agus Táillí Cúirte ar fáil i nGaeilge ar ár suíomh gréasáin, de réir mar a soláthraíonn an Roinn Cirt agus Dlí agus Comhionannas iad.

3.8. Cuirimid turais threoraithe do chuairteoirí ar fáil i nGaeilge i mBaile Átha Cliath agus i Leitir Ceanainn.

3.9. Cuirfear preaseisiúintí ón tSeirbhís ar fáil i nGaeilge ag an am céanna leis na leaganacha Béarla, ach amháin in imthosca eisceachtúla.

3.10. Tá ceanntásca agus clásail séanta ríomhphoist ar fáil i nGaeilge.

3.11. Chuireamar Clár oiliúna ar siúl chun feasacht na foirne a spreagadh maidir le cearta úsáideoirí Gaeilge na cúirte agus ár seirbhísí i nGaeilge d'úsáideoirí cúirte.

3.12. Tá Clár oiliúna curtha i bhfeidhm againn chun feabhas a chur ar ár n-inniúlacht sa Ghaeilge.

3.13. Tá treoracha cleachtais na gcúirteanna ar fáil i nGaeilge.

3.14. Foilsítear eolas faoi obair agus ghnó na gcúirteanna ar ár suíomh gréasáin i nGaeilge.

3.15 Beidh na hábhair go léir atá statach agus a chuir an tSeirbhís Chúirteanna tús leo ar fáil sa dá theanga, seachas na hábhair sin atá sonraithe nach mbeidh siad ar fáil ach amháin i mBéarla.

3.16 Tá bileoga míniúcháin an ghiúiré ar fáil i nGaeilge.

3.17 Tá eolas le haghaidh bhaill an ghiúiré ar fáil i nGaeilge ar ár suíomh gréasáin.

3.18 Tá ár dtuarascálacha bliantúla agus ár bpleananna straitéiseacha ar fáil i nGaeilge ar ár suíomh gréasáin.

3.19 Tá ár mbosca ríomhphoist Gaeilge "fiosruithe@courts.ie" curtha ar fáil le haghaidh fiosruithe i nGaeilge.

3.20 Tá treoracha tagartha ar stór focal dleathach agus ar stór focal sa ghnáthchaint ar fáil ar an líonra inmheánach.

## 4. Moltaí na 3ú Scéime

### 4.1. Seirbhís molta trí mheán na Gaeilge amháin

Leagadh amach cineál gnó na Seirbhíse Cúirteanna sa chéad Scéim, agus is fiú é a leagan amach arís, toisc go dtéann sé i gcion fós ar sholáthar ár seirbhísí i nGaeilge amháin.

Tá sé riachtanach go soláthrófar seirbhísí a chuirtear ar fáil in oifigí cúirte sa dá theanga oifigiúla mar gheall ar an gcineál seirbhísí a sholáthraítear iontu, toisc go bhféadfadh custaiméirí a bheith ag úsáid seirbhísí oifig chúirte laistigh de cheantar Gaeltachta ach d'fhéadfadh sé nach cainteoirí Gaeilge iad. Bheadh a lán custaiméirí ann nach mbeadh ina gcónaí sa cheantar cúirte ar a mbeadh orthu freastal.

I bhfianaise ár gcineáil ghnó, meastar nach mbeadh sé cuí go gcuirfeadh oifig na Seirbhíse Cúirte seirbhís i nGaeilge amháin ar fáil. Toisc go bhfuil an chuid is mó den ghnó lena ndéileálann na hoifigí cúirte conspóideach agus dá bhrí sin go mbaineann sé le dhá pháirtí nó níos mó, ní mór don tSeirbhís Chúirteanna cuimhne a choinneáil go bhfuil an ceart ag gach páirtí go bpléifear leo sa teanga a roghnaíonn siad.

Cé go bhfuil roinnt oifigí a bhfreastalaíonn ar cheantair Ghaeltachta, caithfidh a choinneáil i gcuimhne freisin, nach bhfuil aon oifig chúirte a bhfreastalaíonn ar cheantair Ghaeltachta amháin.

Agus an eagraíocht seo i mbun tograí a bheartú le haghaidh a Tríú Scéim Teanga, tá an tSeirbhís ag coinneáil i gcuimhne go bhfuil sí tar éis fulaingt de dheasca laghdú suntasach ar an líon fostaithe san eagraíocht, chomh maith le líon mór dá cuid fostaithe a raibh a lán taithí acu tar éis dul ar scor, agus laghdú suntasach i maoiniú na heagraíochta, freisin. Tá feabhas ag teacht ar na fadhbanna seo go mall.

### 4.2. Seirbhís molta trí mheán an Bhéarla amháin

***Doiciméid agus aithisc***

- Leanfar de dhoiciméid theicniúla a tháirgtear do chomhlachtaí poiblí eile nó do lucht féachana idirnáisiúnta a chur ar fáil i mBéarla amháin.
- Cuirfear aithisc nó ráitis ar fáil sa teanga (sna teangacha) ina seachadfar iad.
- Beidh foirmeacha tairisceana teicniúla móra agus mionsonraithe, lena náirítear tairiscintí fógartha ag an Aontas Eorpach (AE) i mBéarla amháin, i ngeall ar a nádúr teicniúil, ach amháin tairiscintí i gcomhair seirbhísí Gaeilge.
- Beidh roinnt lámhleabhar inmheánach speisialaithe i mBéarla amháin.

- Ní chuirfear ábhar “na Dialainne Dlí” ar fáil i nGaeilge in easnamh córas TF chun tacú le hábhar i nGaeilge.

***Córais TF***

- Ní féidir doiciméadúchán Cúirte a eisiúint i nGaeilge ar ár gcórais TF reatha. Cuirfear soláthar feidhmeanna i nGaeilge san áireamh nuair a bheidh na córais á n-uasghrádú, agus pléifear ceisteanna costais agus comhoiriúnachta ag an am céanna. Toisc go bhfuil na córais i gceist ina gcórais choibhneasta chasta a forbraíodh go hinmheánach thar a lán blianta, agus go bhfuil ais-fheistiú deacair, costasach agus dian ar acmhainní, beidh gá le hanailísí tionchair a dhéanamh i gcomhair gach uasghrádaithe.
- Faoi láthair níl córas Ar Líne na Seirbhíse Cúirteanna (CSOL) ar fáil ach amháin i mBéarla. Dá bharr sin, níl an áis Mhionéilimh ar líne ar fáil ach amháin i mBéarla. Cé go bhfuil gléas ag an gcóras ríomhaire seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge, bheadh caiteachas suntasach i gceist le sin. Scrúdófar an inmharthanacht sheirbhísí Ghaeilge a chur ar fáil le linn thréimhse na Scéime seo.
- Leanfar de dhoiciméadúchán Cúirte i nGaeilge a eisiúint de láimh, más gá.
- Ní mheastar freagraí uathoibríocha ar ríomhphoist a bheidh ina gcomhfhreagras pearsanta leis an gcustaiméir agus dá bhrí sin níl siad faoi réir fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

## 4.3. Seirbhísí molta trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon

**Suíomh Gréasáin**

- Cuirfear Rialacha na Cúirte, nuair atá siad ar fáil i nGaeilge, ar fáil ar an suíomh Gréasáin, agus i ngach oifig oiriúnach freisin.
- Leanfar d’ábhar “na Dialainne Dlí” a chur ar fáil i mBéarla amháin, ar an suíomh gréasáin ach beidh an téacs statach ar fad sa Dialann (ceannteidil) sa dá theanga.

**Ginearálta**

- Is féidir fíneálacha arna ngearradh ag na cúirteanna a íoc trí áiseanna a sholáthraíonn An Post. Beidh seirbhís ríomhíochta an chomhlachta sin ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon go luath.

### 4.3.1. Saoráidí

**Teileafón**

- Cuirfimid eolas caighdeánach uathoibríoch ar fáil i nGaeilge, dóibhsean a roghnaíonn Gaeilge, i ngach oifig sa tSeirbhís Chúirteanna ina bhfuil a leithéid de sheirbhísí uathoibríocha teileafóin ar fáil cheana, faoi réir breithnithe comhoiriúnachta agus costais, le linn an dá Scéim atá amach romhainn.

**Lasc-chlár**

- Ceanglóimid ar oibreoirí Lasc-chláir, ar fhoireann ar conradh iad, a bheith cumasach i bhfrásaí fáiltithe i nGaeilge agus freagairt a thabhairt le hainm na Seirbhíse Cúirteanna i nGaeilge agus i mBéarla; agus go bhfuil a fhios acu na bunbheannachtaí i nGaeilge, agus go ndéanfar socruithe chun glaoiteoirí a aistriú go dtí an tseirbhís chuí trí Ghaeilge.

### 4.3.2. Córais Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

- Cé go mbeidh ábhar statach a bhaineann le fiosruithe maidir le cásanna na hArd-Chúirte ar fáil i nGaeilge ar an tseirbhís ar líne "Cuardaigh an Ard-Chúirt" ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse, beidh ainmneacha réimsí sonraí fós ar fáil i mBéarla amháin, go dtí go ndéanfar ár gcóras TF reatha a uasghrádú nó a athsholáthar, mar a sonraítear thuas mar *Chórais TF.*
- Nuair a dhéanfar é a uasghrádú nó a athsholáthar, beidh ainmneacha réimsí sonraí na seirbhíse 'CUARDAIGH an Ard-Chúirt' ar fáil ar líne i nGaeilge agus i mBéarla araon. Beidh ábhar i nGaeilge amháin sa chás gur eisíodh an cás i nGaeilge.

### 4.3.3. Seirbhís labhartha na Gaeilge:

- I ngeall ar chomh casta agus teicniúil atá teanga an ghnó Cúirte, atá éagsúil arís idir réimsí gnó Cúirte (m.sh. Probháid, Coiriúil, Sibhialta), agus ar chineál tromchúiseach agus conspóideach an ghnó a stiúrtar, beidh gnóthú cumais ar leibhéal ard go leor chun gnó den sórt sin a stiúradh i nGaeilge mall ó riachtanas agus leanfar de thar thréimhse cúpla scéime.
- Mar thoradh ar shrianta agus laghduithe reatha i líonta foirne ní mór dúinn an fheidhm is fearr agus is féidir a bhaint as na hacmhainní atá fágtha.
- Tá oifigí ag an tSeirbhís Chúirteanna i ngach contae, lena n-áirítear na contaetha ina bhfuil pobail Ghaeltachta.
- Ag cur beartas um shoghluaisteacht agus um fhorbairt foirne san áireamh, chomh maith leis an laghdú atá tagtha ar an líon fostaithe san fhoireann le 9 mbliana anuas, ní féidir foireann Ghaeilge a chur ar fáil i ngach oifig, ná ball foirne a bhfuil na scileanna riachtanacha aige nó aici a choinneáil i gceantar gnó amháin nó i suíomh amháin ar feadh tréimhse éiginnte.
- Tá an tSeirbhís Chúirteanna ag cur oiliúint Ghaeilge ar fáil dá foireann i nGaelchultúr.

***Oifigí ina bhfreastalaítear ar phobail mheasctha Ghaeltachta agus Bhéarla***

- Tá foireann Ghaeilge ar fáil faoi láthair in oifigí i gContaetha na Gaillimhe, Dhún na nGall agus Chiarraí ina bhfreastalaítear ar phobail Ghaeltachta.
- Déanfaidh an tSeirbhís Chúirteanna a dícheall seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil ina hoifigí i gcontaetha ina bhfuil pobail Ghaeltachta, a mhéid is a bheidh na hacmhainní ar fáil.
- Arís, ag coinneáil i gcuimhne cineál an-teicniúil agus an-chasta theanga an ghnó Cúirte agus cineál tromchúiseach agus conspóideach an ghnó a stiúrtar, cuirfear fiosruithe casta chuig oifig ar bith lena dteastaíonn eolas agus comhairle an lucht bainistíochta sinsearaí ar fáil i mBéarla sa chás nach cainteoir Gaeilge é/í an saineolaí teicniúil cuí.

***Ginearálta***

- Déanfaimid athbhreithniú bliantúil ar an líon baill foirne reatha atá cumasach sa Ghaeilge labhartha.
- Sa chás go bhfuil seirbhís Ghaeilge ar fáil in oifig, fógróimid é sin do ghlaoiteoirí poiblí le comharthaíocht. Sa chás go bhfuil cumas na Gaeilge

ar fáil, cuirfear é sin in iúl do chustaiméirí le Fógra Oifige, amhail "Tá Gaeilge againn" agus léireofar deasc ina dtairgfear seirbhís dá leithéid le comhartha amhail, "Gaeilge Anseo."

- Baileoimid faisnéis ar an éileamh ar sheirbhísí Gaeilge in oifigí poiblí agus déanfaimid measúnú orthu gach bliain.
- Tá eolaire tiomsaithe againn de na baill fhoirne atá cumasach sa Ghaeilge chun freagra a thabhairt ar fhiosruithe ó chustaiméirí a sheoltar tríd an bhosca ríomhphoist Ghaeilge "fiosruithe@courts.ie" agus go dtabharfaidh siad cúnamh dá gcomhghleacaithe nuair a bhíonn gá leis.

### 4.3.4. Oiliúint

- Tá an tSeirbhís Chúirteanna tiomanta do bheartas chun feabhas a chur ar oilteacht na Gaeilge ina foireann, go háirithe iad siúd a oibríonn in oifigí poiblí agus a dhéileálann leis an gcustaiméir seachtrach, trí chlár um oiliúint dheonach a leanfar de sa scéim seo, agus i scéimeanna ina dhiaidh seo. Is é ár rún thar roinnt scéimeanna baill foirne a bheith againn i suíomh ina bhfuil cumas dóthanach Gaeilge chun gnó Cúirte a stiúradh i nGaeilge.
- Meabhrófar d'fhoireann na Seirbhíse Cúirteanna ó am go ham faoin réimse leabharlanna tagartha, lámhleabhair dhátheangacha agus ábhair tagartha idir-ranna atá ar fáil.
- Leanfaimid den fhoireann a bhfreastalaíonn ar ranganna Gaeilge le linn a éascú trí mhaoiniú, ag brath ar acmhainní na heagraíochta.
- Glacfaimid páirt sa chúrsa Gaeilge atá á fhorbairt mar thionscadal comhoideachais agus comhfhorbartha, má mheastar go mbeadh sé sin oiriúnach do riachtanais na Seirbhíse.
- Eagróimid cruinnithe agus ceardlanna chun machnamh a dhéanamh ar cén tslí ab fhearr eolas agus oilteacht de chuid na breithiúnachta, fhoireann na cúirte agus ár gcustaiméirí a chur i bhfeidhm chun cleachtas na Gaeilge a spreagadh.
- Tabharfar comhairle don fhoireann i dtaca le raon na ranganna Gaeilge ardchaighdeáin atá ar fáil lasmuigh d'uaireanta oifige.
- Leanfar ar aghaidh le feasacht teanga a bheith mar chuid den Oiliúint Ionduchtúcháin agus Seirbhíse do Chustaiméirí.
- Tabharfaimid tacaíocht do bhaill fhoirne trí sholáthar leaganacha Gaeilge de na horduithe agus comhfhreagras eile is mó a úsáidtear.

## 5. Monatóireacht & Leasú

- Coinneoidh an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí an scéim faoi athbhreithniú. Cuirfidh bainisteoirí líne a bhfuil freagracht orthu as an scéim a chur i bhfeidhm ina réimsí féin an fheidhm mhonatóireachta laethúil i gcrích agus tabharfaidh siad tuarascáil den cheannasaí dá stiúrthóireacht ar bhonn rialta.
- Cuimseofar tiomantais a rinneadh sa scéim i dTuarascáil Bhliantúil na Seirbhíse Cúirteanna ionas go ndéanfar dul chun cinn chomhlíonadh na dtiomantas sin a thuairisciú go bliantúil.
- Fógróimid seirbhísí feabhsaithe de réir mar a bheidh siad ar fáil ar ár suíomh gréasáin, www.courts.ie
- Buailfidh coiste Monatóireachta le chéile dhá uair sa bhliain chun cuidiú leis an bhFoireann Bainistíochta Sinsearaí chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh OLA.

## 6. Poiblíocht na Scéime Comhaontaithe

**Is é an leagan Béarla den Scéim seo an leagan oifigiúil.**

Déanfar an scéim a phoibliú don phobal i gcoitinne trí fhógraíocht na soláthairtí ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna. Cuirfear cóip den scéim seo ar aghaidh fosta chuid Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla.

Forbróidh an tSeirbhís Chúirteanna feasacht an phobail agus na foirne maidir leis an Scéim trí fhógraí ar an suíomh gréasáin, fógraí oifigí áitiúla, ríomhphoist inmheánacha bhliantúla maidir leis an Scéim agus na Pleananna Gnímh um Sheirbhís Custaiméirí.